C/2026/4101

27.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12507 – LTM / RANDSTAD (DIGITAL SOLUTIONS BUSINESS))

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4101)

1. An 17 Iúil 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— LTM UK & Ireland Limited ('LTM UK', an Ríocht Aontaithe), fochuideachta faoi lánúinéireacht LTM Limited ('LTM', an India), faoi rialú Larsen & Toubro Limited (an India),

— Randstad Digital B.V. (an Ísiltír), Randstad Digital France SAS (an Fhrainc) agus FinXL Professional Services Pty Ltd (an Astráil), in éineacht le Randstad Digital Solutions Business ('RDS'), faoi rialú Randstad N.V. (an Ísiltír) faoi láthair.

Gheobhaidh LTM rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar RDS ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí domhanda comhairliúcháin teicneolaíochta agus réiteach digiteach é LTM a thairgeann réimse cuimsitheach seirbhísí TF i dtionscail éagsúla,

— Cuireann RDS seirbhísí TF agus comhairliúchán ar fáil do réimse leathan cliant gnó ar fud na hEorpa agus na hAstráile. Áirítear ar a sheirbhísí seirbhísí ginearálta néalríomhaireachta, bonneagair agus TF, lena n-áirítear i réimsí eispéireas an chustaiméara/an úsáideora agus an chomhéadain úsáideora, na forbartha digití agus táirgí, na sonraí agus na hanailísíochta, na réiteach a bhaineann le hardáin agus sreabhadh oibre, na cibearshlándála, agus seirbhísí eile a thacaíonn leis an gclaochlú digiteach. Ina theannta sin, cuireann RDS seirbhísí acmhainní daonna ar fáil, lena n-áirítear speisialtóirí digiteacha a earcú agus a shocrú, moil tallainne digití dhomhanda a sholáthar, réitigh bhainistithe agus soláthar clár.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12507 – LTM / RANDSTAD (DIGITAL SOLUTIONS BUSINESS)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË